Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Meán Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**9257/25**
**COR 2**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0408 (COD)**

**JUSTCIV 101**
**ECOFIN 585**
**COMPET 405**
**JAI 652**
**CODEC 656**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gnéithe áirithe den dlí dócmhainneachta a chomhchuibhiú<br>- Cur chuige ginearálta |

In 9257/25 INIT, in Airteagal 2, mír 1, pointe (14), ba cheart an frása 'áireofar go háirithe ar pháirtithe a bhfuil dlúthbhaint acu leis na daoine seo a leanas' a bheith marcáilte mar théacs a scriosadh sa dara fomhír de litir (a). Ba cheart Airteagal 2, mír 1, pointe (14) a léamh mar a leanas:

([...]**14**) ciallaíonn 'páirtí a bhfuil dlúthbhaint aige leis an bhféichiúnaí': […]

[…]

**(a) chun críocha Theideal II, an méid seo a leanas:**

(**i**[...])céile nó páirtí an fhéichiúnaí;

(**ii**[...]) sinsir, sliochtaigh, deartháireacha nó deirfiúracha an fhéichiúnaí nó céile nó páirtí **an fhéichiúnaí**, agus céilí nó páirtithe na ndaoine sin;

(**iii**[...]) daoine a bhfuil cónaí orthu i dteaghlach an fhéichiúnaí;

(**iv**[...]) daoine **a bhfuil rochtain acu ar fhaisnéis neamhphoiblí maidir le gnóthaí an fhéichiúnaí [...] agus ar féidir leo an méid seo a leanas a dhéanamh:**

(a) **oibríochtaí an fhéichiúnaí a rialú, lena n-áirítear i gcás ina n-oibríonn siad** don fhéichiúnaí faoi chonradh fostaíochta **nó i gcás ina bhfuil siad i gcaidreamh fostaíochta leis an** [...] bhféichiúnaí, nó

(b) **tairbhiú ó shuíomh airgeadais an fhéichiúnaí, ina gcáil mar [...]** chomhairleoirí eachtracha, cuntasóirí **nó iniúchóirí** [...]**;**

(**v**[...]) eintitis dhlítheanacha ina bhfuil an féichiúnaí nó duine de na daoine dá dtagraítear i bpointí (i) go (iv) [...] ina chomhalta de na comhlachtaí riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta nó **ina** ndéanann sé dualgais lena tugtar rochtain ar fhaisnéis neamhphoiblí maidir le gnóthaí an fhéichiúnaí;[…]

I gcás inar eintiteas dlíthiúil é an féichiúnaí [...]:

(**vi**) aon chomhalta de chomhlachtaí riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta an fhéichiúnaí;

(**vii**) sealbhóirí cothromais a bhfuil leas rialaithe acu san fhéichiúnaí;

(**viii**) daoine [...] **a** dhéanann feidhmeanna atá comhchosúil leis na feidhmeanna a dhéanann daoine faoi phointe (**vi**);

**(ix**[...])daoine [...] **a** bhfuil dlúthbhaint acu, i gcomhréir le [...] **pointí (i) go (iv)**, le daoine dá **dtagraítear** [...] i bpointí (**vi**), (**vii**) agus (**viii**) den fhomhír seo;[…]

**(b) chun críocha Theideal IV, na daoine a liostaítear faoi phointe (a) agus aon duine eile, lena n-áirítear daoine dlítheanacha, a bhfuil rochtain fhabhrach acu ar fhaisnéis neamhphoiblí maidir le gnóthaí an fhéichiúnaí.**